# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2010**

# EALAÍN

## Stair agus Léirthuiscint na hEalaíne

### Gnáthleibhéal

Tá 150 marc ag gabháil leis an bpáipéar seo, i.e. 37.5% de na marcanna iomlána ar an Ealaín

**Déardaoin, 17 Meitheamh** **Tráthnóna, 2.00 – 4.30**

**Treoracha**

Freagair trí cheist mar seo a leanas: ceist amháin as Roinn I (An Ealaín in Éirinn), ceist amháin as Roinn II (Ealaín na hEorpa 1000AD – An Lá Inniu), agus ceist amháin as Roinn III (Léirthuiscint na hEalaíne).

Tá na ceisteanna uile ar cómharc (50).

Ba chóir sceitsí agus léaráidí a úsáid de réir mar is cuí chun do chuid pointí a léiriú.

Déan tagairt de réir mar is gá do na ***léaráidí atá ar an mbileog leis an bpáipéar seo.***

# ROINN I – An Ealaín in Éirinn

**1.** Sampla de mhiotalóireacht réamh-Chríostaí Éireannach is ea scornán Ghleann Insín atá ***léirithe ar an mbileog leis seo***.
Freagair (a), (b) agus (c).
(a) Cén fheidhm a bhí aige?
(b) Déan cur síos ar an gcaoi a ndearnadh agus ar maisíodh é.
(c) Ainmnigh saothar miotalóireachta réamh-Chríostaí **amháin** eile a ndearna tú staidéar air agus tarraing léaráid de.
*Léirigh do fhreagraí le sceitsí.*

**2.** Tá Cros Mhaoine, Co. Chill Dara, ***léirithe ar an mbileog leis seo***.
Freagair (a), (b) agus (c).
(a) Cén fheidhm a bhí aici?
(b) Déan cur síos ar a struchtúr agus ar a cuid maisiúchán.
(c) Ainmnigh Ardchros **amháin** eile a ndearna tú staidéar uirthi agus tarraing léaráid di.
*Léirigh do fhreagraí le sceitsí.*

**3.** Tá an saothar miotalóireachta atá ***léirithe ar an mbileog leis seo***, ar cheann de na seoda ealaíne is mórthaibhsí de chuid na hÉireann.
Freagair (a), (b) agus (c).
(a) Ainmnigh an saothar miotalóireachta seo.
(b) Déan cur síos ar a chuid maisiúchán.
(c) Déan cur síos ar an gcaoi a ndearnadh é.
*Léirigh do fhreagraí le sceitsí.*

**4.** Bhí an t-ailtire James Gandon (1743 - c.1823) freagrach as roinnt de na foirgnimh Sheoirseacha ba thábhachtaí in Éirinn.
Freagair (a), (b) agus (c).
(a) Ainmnigh foirgneamh amháin a dhear Gandon agus déan cur síos air.
(b) Tarraing léaráid de cheann amháin dá ghnéithe tipiciúla Seoirseacha.
(c) Ainmnigh foirgneamh Seoirseach **amháin** eile a ndearna tú staidéar air agus déan cur síos achomair air.
*Léirigh do fhreagraí le sceitsí.*

**5.** Tá **"I nDáil a Chéile ar Staighre an Túirín"** le Frederick Burton (1816 - 1900) ***léirithe ar an mbileog leis seo.***
Freagair (a), (b) agus (c).
(a) Déan cur síos ar an bpictiúr seo faoi na ceannteidil seo a leanas:
- comhdhéanamh
- teicníocht phéintéireachta
- úsáid datha(nna).

(b) Cad is ábhar don phictiúr seo? Tabhair fáthanna le do fhreagra.
(c) Ainmnigh pictiúr fíorach **amháin** eile le healaíontóir Éireannach agus tarraing léaráid de.
*Léirigh do fhreagraí le sceitsí.*

**6.** Tá píosa dealbhóireachta poiblí le Edward Delaney (1930 - 2009), dar teideal **"Grúpa Gorta",** ***léirithe ar an mbileog leis seo***.
Freagair (a), (b) agus (c).
(a) Déan cur síos agus plé ar an bpíosa dealbhóireachta seo faoi na ceannteidil seo a leanas
- comhdhéanamh
- láimhseáil na bhfíoracha
- mothú.

(b) Cad atá an dealbhóir ag iarraidh a léiriú, dar leat?
(c) Ainmnigh sampla **<u>amháin</u>** eile de phíosa dealbhóireachta poiblí agus déan cur síos achomair air.
*Léirigh do fhreagraí le sceitsí.*

**7.** Roghnaigh saothar le duine amháin de na healaíontóirí seo a leanas:
Walter Osborne, Evie Hone, Louis le Brocquy, Brian Bourke, Charles Harper, Jim Fitzpatrick.
Freagair (a), (b) agus (c).
(a) Ainmnigh an saothar.
(b) Déan cur síos mion ar an saothar a roghnaigh tú faoi na ceannteidil seo a leanas:
- ábhar
- comhdhéanamh
- teicníochtaí agus bunábhair.

(c) Tabhair roinnt eolais ghinearálta mar gheall ar an ealaíontóir atá roghnaithe agat.
*Léirigh do fhreagraí le sceitsí.*

## ROINN II – Ealaín na hEorpa (1000AD- An Lá Inniu)

**8.** Sampla den stíl phéintéireachta Ghotach Idirnáisiúnta is ea Diptic Wilton atá ***léirithe ar an mbileog leis seo***.
Freagair (a) agus (b).
(a) Déan cur síos ar an bpictiúr seo faoi na ceannteidil seo a leanas:
- ábhar
- comhdhéanamh
- úsáid datha(nna).

(b) Tabhair roinnt eolais ghinearálta mar gheall ar an Stíl Ghotach Idirnáisiúnta.
*Léirigh do fhreagraí le sceitsí.*

**9.** Tá **"An tSeilg"** le Uccello (1397 - 1475) ***léirithe ar an mbileog leis seo.***
Freagair (a) agus (b).
(a) Déan cur síos ar an saothar seo faoi na ceannteidil seo a leanas:
- ábhar agus comhdhéanamh
- dath(anna)
- peirspictíocht.

(b) Ainmnigh saothar **<u>amháin</u>** eile le Ucello ina dtaispeántar peirspictíocht agus déan cur síos achomair air.
*Léirigh do fhreagraí le sceitsí.*

**10.** Ealaíontóir tábhachtach de chuid an Ard-Renaissance é Michelangelo (1475 - 1564).
Freagair (a) agus (b).

(a) Ainmnigh ceann **amháin** dá shaothair ealaíne agus déan cur síos air faoi na ceannteidil seo a leanas:

- ábhar
- comhdhéanamh
- bunábhair agus teicníocht.

(b) Tabhair roinnt eolais ghinearálta faoi Michelangelo.

*Léirigh do fhreagraí le sceitsí.*

**11.** Roghnaigh ceann **amháin** de na saothair seo a leanas agus freagair (a) agus (b):
**"Póg Iúdáis"** le Giotto (c.1266 -1337)
**"Breith Véineas"** le Botticelli (1444 - 1510)
**"Bean ag Scríobh Litreach"** le Vermeer (1632 - 1675)
**"Oíche Réaltach"** le Van Gogh (1853 - 1890)
**"Guernica"** le Picasso (1881 - 1973)

(a) Déan cur síos ar an saothar a roghnaigh tú faoi na ceannteidil seo a leanas:

- ábhar
- comhdhéanamh agus stíl
- meán agus dath(anna).

(b) Tabhair roinnt eolais ghinearálta faoi ealaíontóir an tsaothair atá roghnaithe agat.

*Léirigh do fhreagraí le sceitsí.*

**12.** Phéinteáil na hImpriseanaithe radhairc den ghnáthshaol.
Freagair (a) agus (b).

(a) Ainmnigh pictiúr Impriseanaíoch **amháin** agus déan cur síos air faoi na ceannteidil seo a leanas:

- ainm an ealaíontóra
- ábhar agus comhdhéanamh
- úsáid datha(nna) agus solais.

(b) Tabhair roinnt eolais ghinearálta faoin ngluaiseacht Impriseanaíoch.

*Léirigh do fhreagraí le sceitsí.*

**13.** Pictiúr le Munch (1863 – 1944) is ea **"Cailíní ar Lamairne"**, ***léirithe ar an mbileog leis seo***.
Freagair (a) agus (b).

(a) Déan cur síos ar an bpictiúr seo faoi na ceannteidil seo a leanas:

- ábhar
- comhdhéanamh
- dath(anna) agus mothú.

(b) Ainmnigh saothar **amháin** eile le Munch agus déan cur síos air.

*Léirigh do fhreagraí le sceitsí.*

**14.** Ba ghluaiseacht ealaíne é an tOsréalachas a raibh tionchar mór aige le linn an fichiú haois.
Freagair (a) agus (b).

(a) Ainmnigh pictiúr Osréalaíoch **amháin** agus déan cur síos air faoi na ceannteidil seo a leanas:

- ainmnigh an t-ealaíontóir
- ábhar agus comhdhéanamh
- úsáid datha(nna).

(b) Tabhair roinnt eolais ghinearálta faoin Osréalachas.

*Léirigh do fhreagraí le sceitsí.*

# ROINN III – Léirthuiscint

**15.** Ainmnigh Gailearaí **nó** Músaem **nó** Ionad Ceardaíochta ar thug tú cuairt air agus freagair (a) agus (b):
(a) Déan cur síos ar an gcaoi inar cuireadh an saothar ar taispeáint
(b) Déan cur síos agus plé ar do rogha saothar ón taispeántas.
*Léirigh do fhreagra le sceitsí.*

**16.** Tá stíleanna éagsúla málaí agus cásanna do ríomhairí glúine agus don *netbook* ar fáil agus déantar as bunábhair éagsúla iad.
Freagair (a) agus (b).
(a) Déan cur síos agus plé faoi na ceannteidil seo a leanas ar shaintréithe mála nó cás ríomhaire atá deartha agus déanta go maith:
- stíl
- feidhm
- bunábhair
- déanamh agus marthanacht.

(b) Cén ceann de na stíleanna atá ar fáil faoi láthair – cás ríomhaire ghlúine, mála teachtaire nó mála droma – is fearr, dar leat? Tabhair fáthanna le do fhreagra.
*Léirigh do fhreagra le sceitsí.*

**17.** Tá ról tábhachtach ag an bpacáistiú agus ag an gcur i láthair i ndíolachán táirgí cosmaidí agus cumhrán.
Freagair (a) agus (b).
(a) Déan cur síos agus plé ar shaintréithe buidéal nó coimeádán cumhrán atá deartha go maith. Bain úsáid as na ceannteidil seo a leanas:
- cruth
- úrnuacht/bunúlacht
- stíl

(b) Mol fáthanna a bhféadfadh na buidéil is fearr dearadh a bheith ina n-earraí inbhailithe amach anseo?
*Léirigh do fhreagra le sceitsí.*

**18.** Is cuid thábhachtach den tionscal turasóireachta na bróisiúir bholscaireachta agus is é an aidhm atá leo ná cuairteoirí a mhealladh go hÉirinn.
Freagair (a) agus (b).
(a) Ainmnigh **<u>dhá</u>** limistéar inspéise i do cheantar a d'fhéadfaí a chur san áireamh i mbróisiúr turasóireachta.
(b) Déan cur síos agus plé ar an bhfáth a bhféadfadh na limistéir inspéise ainmnithe a bheith tarraingteach do chuairteoirí.
*Léirigh do fhreagra le sceitsí.*

**19.** Is samplaí den scoth den ailtireacht nua-aimseartha Éireannach iad na staidiamaí spóirt ar nós Pháirc an Chrócaigh, Pháirc Thuamhan agus Staidiam Aviva ar Bhóthar Lansdún.
Freagair (a) agus (b).
(a) Cad iad na buntáistí agus míbhuntáistí a bhíonn ag forbairtí staidiam mar seo don cheantar? Bain úsáid as na ceannteidil seo a leanas chun cuidiú leat le do fhreagra:
- ceolchoirmeacha/comhdhálacha
- gréasán bóithre
- cuma
- tírdhreachadh sna ceantair mórthimpeall.

(b) Cad iad na háiseanna atá iontu chun feabhas a chur ar chompord agus ar shábháilteacht an luchta féachana?
*Léirigh do fhreagra le sceitsí.*

**20.** Freagair (a) agus (b).

(a) Déan plé ar scannán ar bith a chonaic tú le déanaí agus déan cur síos ar an gcaoi a chuir na teicníochtaí scannánaíochta leis an taitneamh a bhain tú as an scannán
Bain úsáid as na ceannteidil seo a leanas chun cuidiú leat le do fhreagra:

- suíomh/seiteanna scannáin
- feisteas/smideadh
- éifeachtaí speisialta
- obair an cheamara.

(b) Cén seánra lena mbaineann an scannán – seánra an ghrinn, an seánra stairiúil, seánra an rómáns, seánra na fantaisíochta, an seánra ceoil, seánra an scéinséara, seánra an fhicsin eolaíochta? Scríobh cuntas achomair den seánra atá roghnaithe agat.

*Léirigh do fhreagra le sceitsí.*

**21.** Freagair (a) agus (b).

(a) Déan plé ar ghnéithe dearaidh an phóstaeir ***léirithe ar an mbileog leis seo***. Bain úsáid as na ceannteidil seo a leanas:

- comhdhéanamh
- íomhánna
- dath(anna)
- litreoireacht

(b) Tabhair sampla de phóstaer a oibríonn go han-mhaith, dar leat. Tabhair fáthanna le do rogha.

*Léirigh do fhreagra le sceitsí.*

Leathanach Bán

Leathanach Bán